Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Samhain 2025
(OR. en)

14921/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2008/0140 (CNS)**

**ANTIDISCRIM 103**
**FREMP 300**
**GENDER 195**
**JAI 1592**
**MI 869**
**SOC 728**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14287/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh<br>- *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

# I. RÉAMHRÁ

An 2 Iúil 2008, chuir an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí eile taobh amuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht an Aontais[1] atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir chothrománach um chóir chomhionann atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

[1] Go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, is faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (nós imeachta reachtach speisialta) a thagann an togra anois; fágann sin, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil aontoilíocht ag teastáil sa Chomhairle.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009[2] faoin Nós Imeachta Comhairliúcháin. Beidh ar an gComhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir leis an téacs críochnaitheach.

Cé go bhfuil an togra á phlé le breis agus 17 mbliana anuas, agus gur chuir gach Uachtaránacht, geall leis, an comhad ar chlár oibre na Comhairle, ní rabhthas in ann teacht ar chomhaontú go dtí seo. Cuireadh an Tuarascáil is déanaí ar Dhul Chun Cinn[3] faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 19 Meitheamh 2025.

Cé go bhfuil tromlach mór na dtoscaireachtaí ag tacú leis an Treoir le fada an lá, agus go n-aontaíonn siad leis an aidhm atá aici an creat dlíthiúil atá ann cheana a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre fhoras idirdhealaithe uile trí chur chuige cothrománach, chuir roinnt eile acu a n-imní in iúl agus d'iarr siad soiléirithe maidir leis an easpa deimhneachta dlíthiúla a mheastar a bheith ann, roinnt na n-inniúlachtaí agus comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta, agus tionchar an togra, go háirithe i dtéarmaí na n-impleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann.

Rinneadh mór-athdhréachtú thar na blianta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl, lena n-áirítear soiléiriú ar na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le substaint agus roinnt na n-inniúlachtaí araon, agus an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an dréacht-Treoir a theorannú go mór.

---

[2] Féach A6-0149/2009. Is í Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/an tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach) rapóirtéir reatha na Parlaiminte.

[3] 9573/25

Meabhraítear gur chuir tromlach mór na mBallstát in iúl go neamhbhalbh arís agus arís eile ar leibhéal na n-airí, le bliain anuas, gur fóirsteanach, tráthúil agus riachtanach teacht ar chomhaontú maidir leis an togra seo atá á phlé le fada fada an lá.[4]

Thacaigh an Coimisiún leis an iarracht teacht ar chomhréiteach agus, ag an am céanna, choimeád sé forchoimeádas grinnscrúdaithe maidir le haon athruithe ar a thogra bunaidh ag an gcéim seo.

Sa chlár oibre dá chuid 2025, a foilsíodh an 11 Feabhra 2025, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige an togra le haghaidh Treoir maidir le Cóir Chomhionann, a tharraingt siar. Mar sin féin, coinníodh an togra ar bun ar deireadh agus ní raibh sé ar liosta na n-aistarraingtí a foilsíodh an 6 Deireadh Fómhair 2025.[5]

## II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA DANMHAIRGE

Faoi Uachtaránacht na Danmhairge, rinneadh iarrachtaí breise chun aontoilíocht a bhaint amach maidir leis an togra. Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an comhad i rith dhá chruinniú.[6] Ag an am céanna, chuaigh an Uachtaránacht i mbun teagmhálacha déthaobhacha le toscaireachtaí a bhfuil imní fós orthu, d'fhonn na saincheisteanna atá fós gan réiteach a shainaithint agus féachaint ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 2 Deireadh Fómhair 2025, thíolaic ionadaí ó ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta) a thuarascáil dar teideal *Combatting Discrimination in the European Union*,[7][Idirdhealú a Chomhrac san Aontas Eorpach], inar tugadh faoi deara go raibh an t-idirdhealú níos forleithne i réimsí nach gcumhdaítear go fóill le reachtaíocht an Aontais, rud a thacaíonn leis an gcás chun cosaint a leathnú thar fhostaíocht. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar chostais eacnamaíocha agus shóisialta an idirdhealaithe, rud a thugann le fios gur mhó na tairbhí a bhainfeadh le treoir chothrománach maidir le comhionannas ná na costais.

---

[4] Cruinnithe Chomhairle EPSCO an 7 Bealtaine 2024, an 20 Meitheamh 2024, an 2 Nollaig 2024 agus an 19 Meitheamh 2025.
[5] IO C/2025/5423, 6.10.2025, lch. 1-4, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5423/oj.
[6] an 2 agus an 30 Deireadh Fómhair 2025.
[7] Combatting Discrimination in the European Union | OECD[An tIdirdhealú a Chomhrac san Aontas Eorpach | ECFE]

Ina dhiaidh sin, phléigh an Mheitheal an togra bunaithe ar nóta stiúrtha ón Uachtaránacht.[8] Iarradh ar na Ballstáit nach raibh in ann tacú leis an téacs is déanaí[9] na hábhair imní a bhí fós acu a shonrú, agus é mar aidhm acu teacht ar na réitigh is éifeachtaí agus is éifeachtúla. D'athdhearbhaigh formhór mór na mBallstát a dtacaíocht don Treoir, agus roinn roinnt acu a n-anailísí féin ar a himpleachtaí costais, a fuarthas a bheith íseal nó neamhshuntasach i gcomparáid leis na tairbhí a bhaineann léi.

Ag tógáil ar an gcúlra sin agus ar mhalartuithe déthaobhacha breise, shainaithin an Uachtaránacht sraith saincheisteanna atá fós gan réiteach ar ghá aghaidh a thabhairt orthu fós, de réir na mBallstát a bhfuil imní orthu fós. Pléadh iad sin sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an 30 Deireadh Fómhair ar bhonn nóta stiúrtha,[10] mar a leanas:

**i) Raon feidhme**

Chuir toscaireacht amháin ábhair imní in iúl maidir le raon feidhme na Treorach i ndáil le cosaint shóisialta agus oideachas, go háirithe an gá atá le hinniúlachtaí náisiúnta sna réimsí íogaire sin a urramú. Mhol an toscaireacht sin freisin go leathnófaí an fhoráil lena leagtar amach difríochtaí ceadaithe sa chóir in Airteagal 2(5a) ionas go mbeidh feidhm aici maidir le gach foras idirdhealaithe a chumhdaítear leis an Treoir, seachas maidir le haois amháin.

I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an Uachtaránacht ar na Ballstáit a bhfuil imní orthu fós na hathruithe a bhaineann le cosaint shóisialta agus oideachas a shonrú, athruithe a mbeadh gá leo chun go mbeidís in ann tacú leis an Treoir, agus iarradh orthu siúd a thacaíonn le hAirteagal 2(5a) a leathnú chuig gach foras idirdhealaithe samplaí praiticiúla a chur ar fáil agus míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht pholaitiúil agus dhlíthiúil atá le difríochtaí sa chóir ar fhorais gnéaschlaonta, reiligiúin nó creidimh, agus míchumais a cheadú.

---

8 12823/25

9 Leagtar amach an leagan is déanaí den téacs in 10817/24.

10 14287/25

Cé go raibh na toscaireachtaí toilteanach i gcoitinne solúbthacht a léiriú agus tograí nua a mheas, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu maidir leis an raon feidhme a chúngú a thuilleadh agus d'iarr siad tograí agus réasúnuithe nithiúla, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht síneadh a chur leis an bhforáil atá in Airteagal 2(5a). Leag cuid acu béim freisin ar a thábhachtaí atá sé uaillmhian fhoriomlán na Treorach a chaomhnú. Os a choinne sin, d'iarr toscaireacht amháin go mbainfí cosaint shóisialta agus oideachas de raon feidhme na Treorach agus go leathnófaí an fhoráil in Airteagal 2(5a) chun gach foras idirdhealaithe a chumhdach, seachas aois amháin. Chuir toscaireacht eile imní in iúl maidir le soiléireacht dhlíthiúil na bhforálacha a bhaineann le hoideachas.

**ii) Cur chun feidhme**

Maidir le cur chun feidhme, ardaíodh ceisteanna maidir le tionchar airgeadais na Treorach, lena n-áirítear go háirithe an costas a bhaineann le cóiríocht réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an Uachtaránacht ar na Ballstáit a léiriú cén cineál tacaíochta a d'éascódh a measúnuithe náisiúnta costais is tairbhe maidir leis an oibleagáid cóiríocht réasúnta a chur ar fáil agus aon téarmaí nó forálacha dlíthiúla a shonrú lena n-éilítear soiléiriú breise, lena n-áirítear ar cheart gnéithe breise a chur leis an téacs agus, más ceart, cé na gnéithe sin agus cén fhormáid ina bhfuil siad.

Chuir roinnt Ballstát i dtábhacht go raibh oibleagáidí i bhfeidhm cheana féin faoi UNCRPD (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas), agus nach gcruthódh an Treoir ceanglais bhreise maidir le cóiríocht réasúnta. Leagadh béim ar an idirdhealú idir freastal réasúnta agus inrochtaineacht, ag tabhairt dá haire go laghdaítear go suntasach na costais toisc nach bhfuil an freastal réasúnta agus an inrochtaineacht sa téacs comhréitigh. Moladh freisin go bhféadfadh an Coimisiún treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme, tar éis ghlacadh na Treorach. D'iarr Ballstát eile measúnú tionchair nua. Chuir ionadaí an Choimisiúin i bhfios go láidir go ndearna an Coimisiún measúnú tionchair chun gabháil lena thogra reachtach agus nár faoin gCoimisiún a bhí sé measúnuithe tionchair a dhéanamh i ndáil le leasuithe na Comhairle ar a thogra.

### iii) Inniúlachtaí díláraithe

Leag roinnt Ballstát béim ar dhúshláin a bhaineann leis an Treoir a chur chun feidhme i gcásanna ina bhfeidhmítear inniúlachtaí ar leibhéal réigiúnach nó díláraithe, agus d'iarr siad réitigh lena n-urramaítear struchtúir rialachais den sórt sin.

I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an Uachtaránacht ar na Ballstáit lena mbaineann tionchar na Treorach ar struchtúir bheartais dhíláraithe a shonrú chun na réimsí beartais is cúis leis na hábhair imní sin a shonrú agus réitigh nithiúla a mholadh chun aghaidh a thabhairt orthu.

Dúirt dhá Bhallstát nach raibh aon ábhar imní acu maidir le hinniúlachtaí díláraithe, in ainneoin struchtúir rialachais dhíláraithe a bheith acu féin ar an leibhéal náisiúnta.

## III. <u>CONCLÚID</u>

Bhí sé d'aidhm ag an Uachtaránacht teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra ag Comhairle EPSCO an 1 Nollaig.. Mar sin féin, le linn an phlé sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta, choinnigh trí thoscaireacht forchoimeádais ghinearálta, inar moladh nach bhféadfaí teacht ar an aontoilíocht is gá fós. In ainneoin sin, tá tromlach mór na dtoscaireachtaí ag tacú i gcónaí leis an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht agus leis an aidhm teacht ar chur chuige ginearálta i dtionól na Comhairle.

In éagmais moltaí nó soiléirithe breise ó na Ballstáit a bhfuil ábhair imní gan réiteach acu, ní raibh an Uachtaránacht in ann téacs comhréitigh nua a chur ar aghaidh. Ní mór scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar sheasaimh na dtoscaireachtaí sula bhféadfar réitigh fhéideartha a shainaithint. Táthar ag súil go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá fós ann trí rannpháirtíocht chuiditheach na dtoscaireachtaí uile.

Creideann an Uachtaránacht go láidir, i ndomhan ina bhfuil cearta bunúsacha agus comhionannas faoi bhrú níos mó, gur cheart don Aontas dea-shampla a thabhairt. Dá bhrí sin, táthar ag súil gur féidir an tacaíocht is gá d'aontoilíocht na Comhairle a áirithiú go luath amach anseo.